EUROPEAN UNION AGENCY FOR RAILWAYS

Feidhmiú an chórais iarnróid a fheabhsú don tsochaí.

# Glao ar Iarratais do phost mar Riarthóir (Oifigeach Acmhainní Daonna) san Aonad Acmhainní agus Tacaíochta

## *Gníomhaire Sealadach2(f) (AD6) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2019/002*

### I - SAINCHUNTAS AR AN bPOST

Oibreoidh an sealbhóir poist san Aonad Acmhainní agus Tacaíochta, agus é/í faoi fhreagracht Cheann an Aonaid nó an Riarthóra atá i gceannas ar an bhFoireann Acmhainní Daonna.

Leagfar béim mhór ar Acmhainní Daonna boga (i.e. gníomhaíochtaí AD faoin ainmneoir 'Bainistíocht Inniúlachta' le cúraimí a bhaineann le bainistiú feidhmíochta, oiliúint agus forbairt (gairmréime), próifíliú poist).

Beidh an sealbhóir poist freagrach as tacaíocht fhreagrúil agus réamhghníomhach a thabhairt do bhainisteoirí líne agus do bhaill foirne lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar rialacha, beartais agus nósanna imeachta ar bhealach gairmiúil, trína gcruthófar cultúr atá bunaithe ar fheidhmíocht.

Tacóidh an tOifigeach AD leis an bhfoireann AD mar a leanas:

**Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:**

- Creat inniúlachta na Gníomhaireachta a bhainistiú agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach;
- Próisis éifeachtacha um fheidhmíocht foirne a chur chun feidhme agus a bhainistiú, agus a áirithiú go ndéantar iad a chomhtháthú le réimsí AD eile, lena bhforbrófaí cultúr ardfeidhmíochta;
- Clár fáiltithe/lánpháirtithe/meantóireachta a chur ar bun agus a stiúradh do dhaoine nua agus do bhaill foirne a aistrítear chuig feidhmeanna nua;
- Clár/plean oiliúna agus forbartha a chur ar bun agus a stiúradh lena ndéantar bainistiú feidhmíochta na Gníomhaireachta a chur i gcomhréir le straitéis na Gníomhaireachta maidir le Foghlaim agus Forbairt;
- Na doiciméid ábhartha a bhaineann le córas comhtháite bainistíochta a fhorbairt agus a áirithiú go ndéantar faireachán orthu agus go gcuirtear chun feidhme iad go comhsheasmhach/tráthúil ar fud na heagraíochta;
- Tuarascálacha cuimsitheacha a dhréachtú agus a chur i láthair maidir lena gcuid réimsí saineolais féin;
- Tacú le riarachán AD ina gcuid réimsí saineolais féin.

### II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann **gach ceann** de na critéir incháilitheachta seo a leanas tráth an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach:

***1. Riachtanais ghinearálta:***

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua)[1];
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici[2];
- Ní mór go gcomhlíonfaí na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist[3];
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[4];
- Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil[5] de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile[6] de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- Bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina mbainfidh an ball foirne 66 bliana amach[7].

**2. *Cáilíochtaí:***

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó, agus taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;
  **NÓ**
- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana agus taithí ghairmiúil 4 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;

**Tábhachtach:**

- Ní mór an chéim ollscoile a bheith i réimse na Bainistíochta Acmhainní Daonna.
  Ina éagmais sin, glacfar le hiarchéim i réimse na Bainistíochta Acmhainní Daonna.

**Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna mbronnadh ag údaráis na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le cáilíochtaí atá aitheanta mar cháilíochtaí coibhéiseacha ag údaráis ábhartha na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.**

**3. *Taithí ghairmiúil:***

Chun cáiliú don phróifíl seo, ní mór duit é seo a leanas a bheith agat tráth an dáta deiridh le haghaidh iarratas:

---

*[1] Is seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh : An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.*

*2 Más infheidhme*

*3 Sula gceapfar é/í, ceanglófar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici*

*4 Sula gceapfar é/í, cuirfear an t-iarrthóir rathúil faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 28 (e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh*

*5 Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do Leibhéal C1 mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR) http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*

*6 Eolas ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR)*

*[7] Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhairí Sealadacha, rud is infheidhme maidir le Gníomhairí ar Conradh mar a leagtar amach in Airteagal 119 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile*

- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad[8] (a gnóthaíodh tar éis an chéim ollscoile a bhaint amach);
- Ní foláir nó go bhfuil 2 bhliain ar a laghad de do thaithí ghairmiúil iomlán ina taithí ghairmiúil **ábhartha** [9] sa réimsí atá liostaithe sa sainchuntas ar an bpost.

## III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na **gcritéar roghnúcháin**. Ní gá d'iarrthóirí gach ceann de na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh: is é sin le rá, ní dhéanfar iarrthóirí nach gcomhlíonann critéar roghnúcháin amháin nó níos mó a eisiamh láithreach ón bpróiseas roghnúcháin.

Na critéir roghnúcháin a úsáidtear chun iarratais na n-iarrthóirí a mheasúnú:

- Taithí shoiléir 2 bhliain ar a laghad ar bhainistíocht inniúlachta;
- Taithí shoiléir 2 bhliain ar a laghad ar Fhoghlaim agus Forbairt a bhainistiú;
- Scileanna cumarsáide labhartha agus scríofa sa Bhéarla (leibhéal B2 ar a laghad);
- Taithí shoiléir ar uirlisí Acmhainní Daonna leictreonacha a úsáid (e.g. bunachair shonraí acmhainní daonna leictreonacha, ríomh-mheastóireacht etc.);
- Feasacht shoiléir ar na rialacha/prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí.

**Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh ar a c(h)áilíochtaí oideachais/acadúla agus ar a t(h)aithí ghairmiúil san fhoirm iarratais le ERA.**

Na hiarrthóirí a mheasfar a bheith ar na hiarrthóirí is oiriúnaí ar bhonn na gcritéar roghnúcháin, tabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh agus triail scríofa.

[8] *4 bliana má tá leibhéal oideachais gnóthaithe agat a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ar feadh 3 bliana*

[9] *Ba cheart cur síos a dhéanamh ar do chuid taithí ábhartha i d'iarratas le ERA*

## IV - AGALLAMH, TRIAIL SCRÍOFA AGUS TRIALACHA BREISE (más infheidhme)

Iarrthóirí a roghnófar chun freastal ar chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na gcritéar a leanas:

1. *Agallamh:*

› Eolas gairmiúil agus spreagadh;

**Scileanna crua**

› Beartais agus nósanna imeachta um bainistiú inniúlachta a thuiscint agus an cumas iad a chur i bhfeidhm i ndea-chleachtas AD;
› Straitéis maidir le Foghlaim agus Forbairt a sholáthar, lena n-áirítear na próisis agus na nósanna imeachta lena mbaineann a fhorbairt;
› An cumas chun cumarsáid a dhéanamh i mBéarla (leibhéal B2 ar a laghad).

**Scileanna boga:**

› An cumas chun tiomantas agus spiorad foirne a chothú;
› An cumas chun ardleibhéal gairmiúlachta, rúndachta agus discréid a choinneáil;
› Sárscileanna cumarsáide;
› An cumas chun glacadh le smaointí nua agus rannchuidiú go gníomhach le tionscnaimh um athrú ina réimse oibre féin.

2. *Tástáil scríofa:*

› Eolas agus inniúlachtaí a bhaineann leis an sainchuntas ar an bpost;
› An cumas chun cumarsáid a dhéanamh i scríbhinn i mBéarla (leibhéal B2 ar a laghad);

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil ar do chumas chun cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga AE atá agat le linn an agallaimh. Mar gheall gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, eiseofar aon duine ón roghnúchán a mhainneoidh leibhéal sástachta sa dara teanga AE a chruthú.

# Glao ar Iarratais do phost mar Riarthóir (Oifigeach Acmhainní Daonna) san Aonad Acmhainní agus Tacaíochta

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2019/002*

| | |
|---|---|
| *Dáta foilsithe:* an 08/04/2019 | *Spriocdháta le haghaidh iarratas:* an 07/05/2019 (23.59 ALE, am áitiúil Valenciennes) |
| *Cineál conartha:* Gníomhaire Sealadach 2(f)<br>*Feidhmghrúpa agus grád:* AD6 | *Áit fostaíochta:* Valenciennes, an Fhrainc |
| *Fad an chonartha:* 4 bliana agus féadfar é a athnuachan ar feadh tréimhse chinnte nach mó ná 4 bliana. Má dhéantar é a athnuachan arís ina dhiaidh sin, conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann | *Buntuarastal míosúil:* EUR 5 416,58 ag Céim 1 agus fachtóir ualaithe de 16,7% (ón 01/07/2018) mar aon le liúntais shonracha más infheidhme |
| *Aonad:* Acmhainní agus Tacaíocht | |
| *Ní mór iarratais a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist a leanas:* jobs@era.europa.eu | *Liosta ionadaithe bailí go dtí:* 07/05/2021, tréimhse a bhféadfar í a fhadú |

*AN GHNÍOMHAIREACHT*

Is gníomhaireacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh í Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh arna bunú ag Rialachán (AE) 2016/796. Is é an cuspóir atá leis tacú le forbairt Limistéir Eorpaigh Iarnróid Aonair, gan teorainneacha, lena rathaítear leibhéal ard sábháilteachta.

**Is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta é an córas iarnróid a dhéanamh níos fearr don tsochaí.**

Táimid tiomanta é sin a bhaint amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Deimhnithe, údaruithe agus seirbhísí réamhcheadaitheacha a chur ar fáil don earnáil iarnróid*;
- Tacaíocht theicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach;
- Faireachán a dhéanamh ar Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta agus Comhlachtaí dá dtugtar Fógra*;
- Cúnamh (e.g. scaipeadh, oiliúint) do bhallstáit, NSAnna agus páirtithe leasmhara;
- Cur chuige comhchoiteann i leith sábháilteachta ar an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS - European Rail Traffic Management System) a fhorbairt; agus
- Rochtain éascaithe do chustaiméirí a chur chun cinn maidir leis an earnáil iarnróid Eorpach.

Is féidir teacht ar níos mó sonraí faoinár ngníomhaíochtaí inár nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair.

Tá Ceanncheathrú na Gníomhaireachta in Valenciennes, le roinnt saoráidí imeachtaí in Lille tiomanta d'imeachtaí sonracha. Faoi láthair fostaíonn an Ghníomhaireacht 160 ball foirne. Is féidir féachaint ar ár misean, ár bhfís agus ár luachanna anseo.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh fúinn ar **era.europa.eu.**

*Ag tosú ó mhí an Mheithimh 2019

*AN tAONAD ACMHAINNÍ AGUS TACAÍOCHTA*

Cuireann an tAonad Acmhainní agus Tacaíochta (AAT) seirbhísí ar fáil don Ghníomhaireacht, d'fhonn tacú lena feidhmiú laethúil maidir le gnéithe a bhaineann leis an méid a leanas:

- Airgeadas agus soláthar;
- Acmhainní Daonna;
- Teicneolaíocht Faisnéise; agus
- Bainistíocht Saoráidí.

Go háirithe, áirithíonn an AAT go gcuirtear nósanna imeachta soláthair agus bainistithe airgeadais i bhfeidhm atá iontaofa agus trédhearcach. Forbraíonn sé beartas acmhainní daonna agus cuireann sé chun feidhme é, agus cuireann sé próisis earcaíochta, oiliúna agus bainistithe gairmréime i bhfeidhm.

Cuireann sé tacaíocht agus saineolas ar fáil chomh maith maidir le comhaid airgeadais, soláthar poiblí agus conarthaí, i gcomhréir le Rialachán Airgeadais AE.

Agus ar ndóigh, bainistíonn foireann AAT áitreabh na Gníomhaireachta, bíonn siad i bhfeighil ar na seirbhísí cothabhála, glantóireachta agus slándála. Déanann sé an bonneagar TF a chomhordú agus a oibriú chomh maith, trína ndéantar réitigh maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a sholáthar agus a chothabháil chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Gníomhaireachta a fheabhsú.

*NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH*

Chun iarratas **bailí** a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais le ERA atá comhlánaithe go cuí a chur isteach faoin dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.

**Iarrtar ar iarrthóirí a bhfuil céimeanna/dioplómaí acu nár bronnadh san Aontas Eorpach iad leaganacha scanta de na céimeanna/na dioplómaí <u>arna mbailíochtú</u> san Aontas Eorpach a chur isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais le ERA.**

**Aon iarrthóir nach gcloíonn leis na treoracha, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin.**

Moltar d'iarrthóirí an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú mar gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist **<u>jobs@era.europa.eu</u>** faoi 23.59 Am Lár na hEorpa (am áitiúil in Valenciennes) an **07/05/2019** ar a dhéanaí, **agus uimhir thagartha an ghlao ar iarratais á sonrú go soiléir sa líne ábhair**.

Tabhair do d'aire le do thoil nach mbreithneofar iarratais a gheofar trí fhacs nó tríd an bpost.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur mícheart atá an fhaisnéis a thug iarrthóir, féadfar an t-iarrthóir i gceist a dhícháiliú.

Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, le comhaltaí den Choiste Roghnóireachta agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Forchoimeádann an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Chur i gCrích trí tharmligean (AACC) an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.

Bunófar liosta ionadaithe agus beidh sé bailí ar feadh dhá bhliain ó dháta deiridh an nós imeachta roghnúcháin. Féadfar fad a chur le tréimhse bailíochta an liosta ionadaithe ar chinneadh ón AACC. Féadfar na liostaí ionadaithe a úsáid chun earcaíocht a dhéanamh le haghaidh poist eile lena mbaineann an feidhmghrúpa, an grád agus an phróifíl atá sonraithe thuas.
**Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras méideanna móra sonraí a phróiseáil mar gheall ar an líon ard iarratas a d'fhéadfaimis a fháil faoin spriocdháta le hiarratais a chur isteach. Moltar d'iarratasóirí, dá bhrí sin, a n-iarratas le ERA a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.**

**Tábhachtach:** NÍOR cheart doiciméid tacaíochta (e.g. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, cruthúnas ar thaithí, srl.) a sheoladh ag an gcéim seo, ach is féidir go n-iarrfar iad ag céim níos déanaí den nós imeachta. Ní sheolfar aon doiciméad ar ais chuig iarrthóirí.

*NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN*

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin mar seo a leanas:

1. Cuirfidh an AACC nó a thoscaire Coiste Roghnóireachta ar bun a bheidh comhdhéanta díobh seo a leanas ar a laghad: Ceann Aonaid agus/nó Riarthóir atá i gceannas ar Earnáil, comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar son Acmhainní Daonna agus comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar son an Choiste Foirne;
2. Déanfaidh an Coiste Roghnóireachta na hiarratais arna gcur isteach a sheiceáil in aghaidh na gcoinníollacha sonracha a leagtar amach sa rannán 'Critéir incháilitheachta' den Ghlao ar Iarratais;

3. Déanfar iarratais ina gcomhlíontar na coinníollacha sin a mheasúnú agus a scóráil ansin in aghaidh na gcritéar roghnúcháin a leagtar amach sa rannán 'Critéir roghnúcháin' den Ghlao ar Iarratais.
4. Déanfaidh an Coiste Roghnóireachta gach iarratas incháilithe a mheasúnú agus a scóráil de réir na gcáilíochtaí oideachasúla/acadúla agus thaithí ghairmiúil an iarrthóra i dtaca leis an bpróifíl a leagtar amach sa rannán 'Sainchuntas ar an bPost' den Ghlao ar Iarratais;
5. Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh don chéad **8** iarrthóirí is airde scór, ar iarrthóirí iad nach ngnóthaíonn níos lú ná 60% de na pointí iomlána arna ndámhachtain i dtaca leis na critéir roghnúcháin. Tabharfar cuireadh do gach iarrthóir a ghnóthaíonn scór atá cothrom le scór na **8** n-iarrthóirí a ghnóthaigh an scór is airde.
6. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí gearrliostaithe páirt a ghlacadh sa chéad chéim eile den nós imeachta roghnúcháin, rud a mbeidh agallamh agus triail scríofa i gceist leis.
7. Is i mBéarla a dhéanfar an t-agallamh agus an triail scríofa. Más é Béarla do mháthairtheanga, is í an dara teanga a shonraítear san fhoirm iarratais a scrúdófar;
8. Tá na scóir do na hagallaimh agus don triail scríofa socraithe mar seo a leanas:
   - An scór iomlán don agallamh: **60 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: **36 phointe**
   - An scór iomlán don triail scríofa: **40 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: **24 phointe**

   **Ní mheasúnófar triail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach ngnóthaítear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh;**
9. Nuair a bheidh na torthaí ar an agallamh agus an triail scríofa ar fáil, molfaidh an Coiste Roghnóireachta liosta iarrthóirí oiriúnacha don AACC. Cuirfear na chéad **4** iarrthóirí sin a ghnóthaíonn na pasmharcanna cáilitheacha atá sainithe i bpointe 8 ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha. Áireofar ar an liosta sin gach iarrthóir a ghnóthaíonn scór atá cothrom leis na **4** iarrthóir a fuair an scór is airde. Cuirfear liosta na n-iarrthóirí oiriúnacha le chéile in ord fiúntais. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gcinntítear tairiscint poist le háit ar an liosta sin;
10. Sula gceapfar gníomhaire sealadach, scrúdóidh an AACC nó toscaire ar a shon an bhfuil nó nach bhfuil ag an iarrthóir aon leas pearsanta a chuirfeadh isteach ar a neamhspleáchas nó aon choinbhleacht leasa eile. Ní mór don iarrthóir aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar chur in iúl don AACC nó toscaire ar a shon trí fhoirm ar leith a úsáid. Déanfaidh an AACC aon bheart cuí, más gá;
11. Cuireann an Ghníomhaireacht rialacha an-dochta i bhfeidhm maidir le coinbhleacht leasa. Tá rialacha sonracha maidir le coinbhleacht leasa is infheidhme i ndáil le baill foirne arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta de bharr chineál speisialta agus sainiúil na hoibre a dhéanann ERA. Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach ar Chinneadh uimh. 169 ón mBord Bainistíochta maidir le Glacadh an Chreata do Dhea-Iompar Riaracháin chomh maith lena Iarscríbhinn;
12. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 07/05/2021. Féadfar fad a chur lena thréimhse bailíochta le cinneadh ón AACC;
13. Ceapfar iarrthóirí oiriúnacha ar chinneadh ón AACC. Sula dtairgfear conradh fostaíochta dóibh, d'fhéadfadh go n-éileofaí ar iarrthóirí ar an liosta ionadaithe dul faoi agallamh leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
14. Sula dtairgfear conradh fostaíochta dóibh, éileofar ar iarrthóirí ceaptha gach doiciméad ábhartha lena gcruthaítear cúlra oideachais agus taithí ghairmiúil a chur isteach;
15. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gcoiste roghnóireachta i gcás ar bith, go díreach ná go hindíreach, maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo. Coimeádann an AACC an ceart aige féin chun aon iarrthóir a thugann neamhaird ar an treoir sin a dhícháiliú.

| *ACHOIMRE AR NA COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA AGUS AR NA SOCHAIR* | |
|---|---|
| 1. Tá tuarastal díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Ina ionad sin, asbhainfear cáin chun leasa an Aontais Eorpaigh ag an bhfoinse;<br><br>2. Teidlíocht saoire bliantúla a chuimsíonn dhá lá in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta sa bhreis ag brath ar aois agus ar ghrád an bhaill foirne, agus 2 ½ lá do bhaill foirne easaoránacha, anuas ar 16 lá saoire ERA ar an meán in aghaidh na bliana;<br><br>3. Oiliúint ghinearálta agus theicniúil is infheidhme agus deiseanna forbartha gairmiúla;<br><br>4. Scéim Pinsin an Aontais Eorpaigh (tar éis 10 mbliana seirbhíse);<br><br>5. Cosaint árachais ó thimpiste agus galar ceirde faoi Chomhscéim AE, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil; | **Ag brath ar chúinsí pearsanta an duine agus ar an tír thionscnaimh, d'fhéadfadh baill foirne bheith i dteideal na nithe seo freisin:**<br><br>6. Liúntas easaoránachta nó liúntas cónaithe eachtraigh;<br><br>7. Liúntas teaghlaigh;<br><br>8. Liúntas linbh chleithiúnaigh;<br><br>9. Liúntas oideachais;<br><br>10. Liúntas suiteála agus aisíocaíocht costas aistrithe;<br><br>11. Liúntas cothaithe laethúil ar feadh tréimhse shealadach thosaigh;<br><br>12. Sochair eile (aisíocaíocht costas taistil ar an bpost a thosú, etc.)<br><br>Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha faoi seach, féach **Iarscríbhinn VII leis na Rialacháin Foirne** (ó leathanach 96 go 110): http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF |

| *GEALLTANAIS* | |
|---|---|
| **Gealltanas chun comhdheiseanna a chur chun cinn:**<br>Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht agus molann sí go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar fhoras amhail náisiúntacht, aois, cine, prionsabail pholaitiúla, fealsúnachta nó chreidimh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas, ar stádas pósta agus ar aon chúinsí teaghlaigh eile. | **Nós imeachta achomhairc:**<br>Féadfaidh iarrthóirí a ghlac páirt i nós imeachta roghnúcháin aiseolas ar a bhfeidhmíocht sa triail scríofa, i dtrialacha breise agus in agallaimh a iarraidh. Aon iarrthóir a mheasann gur cuireadh an nós imeachta chun feidhme go mícheart agus/nó go ndearnadh earráid ag céim ar bith den nós imeachta measúnaithe, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a (h)iarratas, agus féadfaidh sé/sí gearán nó achomharc a dhéanamh. Chuige sin, féadfar iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach laistigh de 20 lá féilire ó seoladh an ríomhphost inar cuireadh in iúl dó/di gur diúltaíodh dá (h)iarratas. Ba cheart an tagairt don nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a shonrú san iarraidh ar athbhreithniú agus ba cheart lua soiléir a dhéanamh inti ar an gcritéar incháilitheachta/na critéir incháilitheachta a bhfuiltear ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh |

| | |
|---|---|
| | ina leith agus ar an bhfáth a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh.<br><br>Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig bosca ríomhphoist tiomnaithe na Gníomhaireachta (jobs@era.europa.eu).<br>Cuirfear an cinneadh ón gCoiste Roghnóireachta ar an ábhar in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá féilire tar éis a (h)iarraidh a fháil. |

| *NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC AGUS GEARÁIN* | |
|---|---|
| Má mheasann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, féadfaidh sé/sí gearán riaracháin a dhéanamh de réir Airteagal 90 (2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas:<br>Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta<br>Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh<br>120, rue Marc Lefrancq<br>FR - 59300 Valenciennes<br><br>Ní mór an gearán a chur isteach laistigh de 3 mhí ón uair a cuireadh an gníomh a d'imir drochthionchar air/uirthi in iúl don iarrthóir.<br><br>Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh os comhair:<br>Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh<br>Seoladh Poist<br>L-2925 Lucsamburg<br>http://curia.europa.eu/<br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an AACC aon chinneadh a dhéanann Coiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag an gCoiste Roghnóireachta faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndéantar sárú ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnóireachta. | Is féidir freisin gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:<br><br>An tOmbudsman Eorpach<br>1, Avenue du Président Robert Schuman – CS 30403<br>FR – 67001 Strasbourg Cedex<br>http://www.ombudsman.europa.eu<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le gearán a dhéanamh faoi seach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus le hachomharc a dhéanamh os a chomhair faoi seach de réir Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |

| *COSAINT SONRAÍ* | |
|---|---|
| Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuireann tú isteach a phróiseáil ná d'iarratas a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus fostú féideartha a dhéanamh ag an nGníomhaireacht.<br><br>Déanfar an fhaisnéis phearsanta a iarraimid uait a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag Institiúidí, Comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE. | Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar:<br>Ráiteas Príobháideachais - Roghnú agus fostú Fhoireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus oiliúnaithe) |